

EBA/GL/2021/17

17 Nollaig 2021

1. Treoirlínte

maidir leis na hacmhainní airgeadais atá ar fáil (AAF) i Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí (SRT) a léiriú agus a thuairisciú

1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dtreoirlínte seo

1. Gheofar sa doiciméad seo treoirlínte a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010¹. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte a chomhlíonadh.
2. I dtreoirlínte, leagtar amach tuairim an ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir leis an gcaoi ar cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirlínte, comhlíonadh trí na treoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus cásanna ina bhfuil na treoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí san áireamh.

Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla lena mbaineann na treoirlínte seo fógra a thabhairt don ÚBE maidir le cibé an bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna le neamhchomhlíonadh a sholáthar, murab amhlaidh, faoin 31.03.2022. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh an ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an ÚBE a chur isteach agus an tagairt 'ÚBE/GL/2021/17' air. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar stádas an chomhlíonta a thuairisciú don ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin an ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhíthe

Ábhar

5. Léiríonn na treoirlínte seo na hacmhainní airgeadais atá ar fáil (AAF) de réir Airteagal 2(1)(12) de Threoir 2014/49/AE (An Treoir maidir le Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí - TSRT) sna hAcmhainní Airgeadais cháilithe sin atá ar Fáil (AACF) a ranníocadh de réir Airteagal 10(1) den Treoir chéanna agus, dá bhrí sin, a chomhairtear i leith an spriocleibhéal a bhaint amach, agus AAF eile nár ranníocadh go díreach ná go hindíreach leis agus nach gcomhairtear, mar sin, i leith an spriocleibhéal a bhaint amach. Anuas air sin, leathnaíonn na treoirlínte seo riachtanais tuairiscithe chistí SRT don ÚBE de réir Airteagal 10(10) den Treoir sin.
6. Is í aidhm na dtreoirlínte seo cur i bhfeidhm comhchuibhithe an TSRT a chinntiú, maidir leis an spriocleibhéal a bhaint amach san AE. Cinneann siad cad iad na AAFanna a cháilíonn i leith spriocleibhéal an SRT a bhaint amach. Mar sin féin, níor chóir an chiall a bhaint astu go gcinneann siad cad iad na cistí atá ar fáil do gach cás idirghabhálacha. Cheal rialacha aonfhoirmeacha, d'fhéadfadh SRTanna ar fud an AE ranníocaíochtaí a ghearradh ar institiúidí creidmheasa cleamhnaithe ar chaoi nach gciallódh go ndéanfaí Airteagal 10(2)TSRT a chomhlíonadh go comhsheasmhach, i.e. go gcomhlíontar an spriocleibhéal laistigh den chreat ama a shonraítear san Airteagal sin. Ina theannta sin, féadfaidh na coincheapa dibhéirsithe AAF a chuirtear san áireamh i leith bhaint amach an spriocleibhéil comhsheasmhacht na sonraí a thuairiscítear don ÚBE a lagú de réir Airteagal 10(10) den TSRT agus ar an gcaoi sin cur isteach ar thrédhearcacht. Dá bharr sin, de réir Airteagal 26(1) agus 26(2) de Rialachán AE/1093/2010, glacann an ÚBE a threoirlínte tionscnaimh féin chun an cás seo a leigheas.

Raon feidhme

7. Baineann na treoirlínte seo le húdaráis inniúla nuair a bhíonn leibhéal an AACF a chomhairtear i leith bhaint amach spriocleibhéal na SRTanna faoina maoirseacht á chinneadh, agus nuair a bhíonn an t-eolas riachtanach á thuairisciú don ÚBE.
8. Nuair is aonán príobháideach atá ag riar an SRT, ba chóir d'údaráis inniúla a chinntiú go gcuireann SRTanna den sórt sin na treoirlínte seo i bhfeidhm.

Seolaithe

9. Tá na Treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2)(i) agus (iv) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010. Tagraíonn tagairtí do 'údaráis inniúla' sna treoirlínte seo d'aon cheann den dá chineál údaráis, mar is infheidhme, bunaithe ar na hinniúlachtaí a sannadh faoin Treoir creata náisiúnta chur chun feidhme 2014/49/AE is infheidhme.

Sainmhínte

10. Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna sna treoirlínte le téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i dTreoir 2014/49/AE. Ina theannta sin, chun críocha na dtreoirlínte seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

Ciallaíonn AAFanna eile	na hacmhainní airgeadais go léir atá ar fáil ag SRT nach ionann iad agus acmhainní airgeadais cáilithe atá ar fáil (e.g. cistí a fuarthas ar iasacht).
Ciallaíonn acmhainní airgeadais atá ar fáil (AAF)	gach airgead tirim, taiscís agus sócmhainní íseal-riosca de chuid SRT ar féidir iad a leachtú laistigh de thréimhse nach mó ná an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 8(1) agus gealltanais íocaíochta suas go dtí an teorainn atá leagtha amach in Airteagal 10(3).
Ciallaíonn acmhainní airgeadais cháilithe atá ar fáil (AACF)	na hacmhainní airgeadais go léir atá ar fáil agus a ranníoc institiúidí creidmheasa cleamhnaithe de chuid SRT nó a dhíorthaíonn ó chistí ranníochta den sórt sin de réir Airteagal 10(1) de Threoir 2014/49/AE.
Ciallaíonn gnóthuithe	sócmhainní a chomhlíonann an sainmhíniú ar acmhainní airgeadais atá ar fáil, agus a fhaigheann SRT mar thoradh ar na cearta a fuair sé bunaithe ar idirghabháil SRT.
Ciallaíonn idirghabháil SRT	idirghabháil arna seoladh ag SRT ina n-úsáideann sé cistí SRT chun na gcríoch a cheadaítear faoi Airteagal 11 den TSRT, mar shampla taisceoirí a aisíoc (Airteagal 11(1)), cur le rún (Airteagal 11(2)), mainneachtain institiúide creidmheasa a chosc (Airteagal 11(3)), nó fáil taisceoirí ar thaiscís cumhdaithe a chaomhnú i bhfianaise imeachtaí dócmhainneachta náisiúnta (Airteagal 11(6)).

3. Cur chun feidhme

Dáta an fheidhmithe

11. Beidh feidhm ag na treoirlínte seo ón 30.03.2022.

4. Léiriú AACF agus tuairisciú cistí SRT

4.1 Léiriú AACF

12. Ba chóir d'údarás inniúil a chinntiú nach gcuimsítear in SRT ach AACF nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh cibé ar sroicheadh an spriocleibhéal de réir Airteagal 10(2) TSRT.
13. Ar mhaithe leis na treoirlínte seo, ba chóir go n-áireofaí ar AACF nár ranníocadh go díreach ach a dhíorthaíonn ó chistí ranníoctha gnóthuithe a leanann modh amháin de dhá mhodh a thuairiscítear in alt 4.2 agus ioncam infheistíochta de réir an mhodha a thuairiscítear in alt 4.3.
14. Chun críche na dtreoirlínte seo, ní féidir AAF a chomhaireamh mar AACF ach amháin má tá na ranníocaíochtaí (neamhchoitianta) as a dtagann siad saor ó aon oibleagáid de chuid SRT chun iad a aisíoc ar ghnóthuithe a fháil, e.g. do na hinstiúidí ranníocacha.
15. Ba chóir d'údarás inniúil a chinntiú go mbíonn córais leordhóthanacha i bhfeidhm ag SRT chun tuairisc a choimeád ar bhunús na gcistí.

4.2 Mar a chaitear le gnóthuithe ó thaobh AACF

16. Ba chóir do SRT gnóthuithe a chionroinnt ar AACF agus ar AAF eile de réir ceann amháin den dá chur chuige ceadaithe: cur chuige A nó cur chuige B.
17. Nuair nach údarás inniúil é SRT, ba chóir dó a chur in iúl don údarás inniúil cé acu cur chuige a roghnaigh sé sula gcuirtear i bhfeidhm é.
18. Faoi chur chuige A, ba chóir do SRT:
 - a. gnóthuithe isteach a chionroinnt ar AAF eile más amhlaidh, ag an bpointe sin, go bhfuil AAF eile níos ísle ná dliteanais gan íoc mar a thuairiscítear iad faoi Threoirlíne 4.5 go dtí go mbíonn AAF eile cothrom leis na dliteanais gan íoc, agus
 - b. gnóthuithe isteach a chionroinnt ar AACF más amhlaidh, ag an bpointe sin, go bhfuil AAF eile cothrom le nó níos mó ná dliteanais gan íoc mar a thuairiscítear iad faoi Threoirlíne 4.5, agus
 - c. AAF eile a sháraíonn na dliteanais gan íoc mar a thuairiscítear iad faoi Threoirlíne 4.5 a ath-chionroinnt ar AACF eile ag am ar bith.
19. Faoi chur chuige B, ba chóir do SRT:
 - a. an cóimheas iasachtaíochta a úsáidtear san idirghabháil SRT sin a thaifeadadh, arb é atá ann an cóimheas idir an dliteanas iomlán arna thabhu ag an SRT sin chun críche na

hidirghabhála SRT sin, arna roinnt ar mhéid iomlán na gcistí a úsáideadh san idirghabháil SRT sin, agus

- b. figiúr comhiomlán na ngnóthuithe a fuarthas ón dócmhainneacht ghaolmhar ó bunaíodh an idirghabháil SRT sin a thaifeadh, agus
- c. figiúr comhiomlán na n-aisíocaíochtaí a rinneadh den dliteanas gaolmhar ó bunaíodh an idirghabháil SRT sin a thaifeadh, agus
- d. an ‘AAFanna eile a bhaineann go sonrach le hidirghabháil’ a bhaineann leis an idirghabháil SRT sin a chinneadh trí ghnóthuithe comhiomlána a iolrú (de réir fhomhír 19b) faoin gcóimheas iasachtaíochta is nuashonraithe (de réir fhomhír 19a) agus ansin na haisíocaíochtaí comhiomlána a dhealú (de réir fhomhír 19c), agus má tá an toradh diúltach, tagann sé chun bheith nialasach, toisc nach féidir le ‘AAFanna eile a bhaineann go sonrach le hidirghabháil’ a bheith diúltach, agus ansin
- e. AAFanna eile an SRT a chinneadh cothrom le suim na ‘AAFanna eile a bhaineann go sonrach le hidirghabháil’ a bhaineann le gach idirghabháil SRT (de réir fhomhír 19d).

20. Is cuma cé acu den dá chur chuige a roghnaíonn SRT, tráth ar bith, cinntear leibhéal AACF de chuid SRT trí ‘AAFanna eile’ a dhealú ó AAF.

21. Is cuma cé acu den dá chur chuige a roghnaíonn SRT, ba cheart don SRT dóthain ranníocaíochtaí a bhailiú ar bhealach a fhéachann chun tosaigh ionas:

- a. gur leor an leibhéal AACF agus AAFanna eile dá bharr chun na dliteanais gan íoc a thuairiscítear faoi alt 4.5. de na treoirlínte seo a sheirbhísiú a luaithe a bheidh na dliteanais seo dlite chun an spriocdháta is infheidhme in Airteagal 10(2) TSRT a chomhlíonadh, agus
- b. tar éis an spriocleibhéal a bhaint amach den chéad uair agus tar éis idirghabháil SRT a dhéanamh, ach roimh an spriocdháta chun an spriocleibhéal a bhaint amach arís de réir Airteagal 10(2) TSRT, as féin ní leanann titim AACF go dtí níos lú ná dhá thrian den spriocleibhéal seirbhísiú na ndliteanas sin, agus
- c. má tá dliteanas gan íoc ag SRT tar éis an spriocdháta chun an spriocleibhéal a bhaint amach tar éis idirghabhála, ní laghdaíonn seirbhísiú na ndliteanas as féin AACF an SRT faoi bhun an spriocleibhéil.

4.3 Mar a chaitear le hioncam infheistíochta maidir le AACF

22. Ar choinníoll go gcinneann SRT a ioncam ó ghníomhaíochtaí infheistíochta a chur le AAFanna an SRT, ba cheart an t-ioncam sin a mheas mar AACF, is cuma an raibh an infheistíocht bhunúsach maoinithe ag AACF nó ag AAFanna eile.

23. Ba cheart go ndéanfaidh SRT cailleanais ó infheistíochtaí a chionroinnt ar AACF.

4.4 Mar a chaitear le hiasachtaí idir SRTanna

24. Níor cheart go n-áireofaí cistí a thugann SRT ar iasacht do SRT eile de réir Airteagal 12 TSRT i leith an AAF ná, dá réir, i leith AACF nó AAFanna eile an SRT iasachtaíochta.
25. Níor cheart cistí a fhaigheann SRT ar iasacht ó SRT eile de réir Airteagal 12 TSRT a áireamh i leith AACF an SRT iasachtaíochta. Má chomhlíonann siad an sainmhíniú chun cáiliú mar AAF, ba cheart iad a chomhaireamh mar AAFanna eile.
26. Nuair a bhailíonn SRT ranníocaíochtaí, ba cheart dó a chur san áireamh an méid agus an t-am ag a bhfuil súil aige aísíocaíocht na hiasachta a thug sé do SRT eile a fháil de réir choinníollacha na hiasachta.

4.5 Tuairisciú don ÚBE

27. Ba cheart d'údarás inniúil, i gcás gach SRT atá faoina mhaoirseacht, faoin 31 Márta gach bliain, an ÚBE a chur ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:
 - a. méid na dtaiscí cumhdaithe agus méid an AAF fhoriomláin chomh maith leis an AACF agus AAFanna eile dá SRT nó SRTanna ar 31 Nollaig den bhliain roimhe, agus
 - b. na dliteanais gan íoc arna dtabhú chun críche idirghabhála SRT nó infheistíocht a SRT nó SRTanna ar 31 Nollaig den bhliain roimhe. Níor chóir go n-áireofaí san fhigiúr seo dliteanais oibríochtúla an SRT nó na SRTanna, agus
 - c. na socruithe malartacha maoinithe atá i bhfeidhm ag a SRT nó SRTanna chun tarraingt ar leachtacht bhreise ar 31 Nollaig den bhliain roimhe, agus
 - d. iasachtaí gan íoc a SRT nó a SRTanna le SRTanna eile de réir Airteagal 12 TSRT ar 31 Nollaig den bhliain roimhe, agus
 - e. an cur chuige a roghnaigh a SRTanna i leith gnóthuithe a chionroinnt de réir Threoirlíne 4.2.

Iarscríbhinn 1: Teimpléad tuairiscithe do chistí SRT

Buneolas	
Údarás Tuairiscithe:	
Ballstát:	
Scéim Ráthaithe Taiscí:	
Dáta an tíolactha:	
Bliain tuairiscithe:	
Airgeadra	
[Sa chás nach euro an t-airgeadra]:	
Dáta an ráta mhalairte (murach 31 Nollaig an dáta sin)	
Ráta malairte	
An cur chuige roghnaithe i leith gnóthuithe a chionroinnt	Cur chuige A <input type="checkbox"/> / Cur chuige B <input type="checkbox"/> / níor roghnaíodh é go fóill <input type="checkbox"/>

Méid na gcistí SRT ar 31 Nollaig den bhliain tuairiscithe	An méid in EUR (mílte)	[Sa chás nach euro an t-airgeadra]:
		An méid san airgeadra áitiúil (mílte)
Acmhainní airgeadais atá ar fáil		
comhdhéanta de: acmhainní airgeadais cáilithe atá ar fáil (AACF)		
comhdhéanta de: acmhainní airgeadais eile atá ar fáil (AAFanna eile)		
Dliteanais gan íoc arna dtabhú chun críche idirghabháil SRT nó infheistíochta		
Taiscí atá cumhdaithe		
Iasachtaí gan íoc le SRTanna eile de réir Airteagal 12 TSRT.		

Socrú maoinithe malartach atá i bhfeidhm	Is féidir freagraí iolracha a thabhairt
Iasachtaí éigeantacha ó bhallbhainc	<input type="checkbox"/>
Líne chreidmheasa (nó rud dá shórt) ó bhanc ceannais	<input type="checkbox"/>
Líne chreidmheasa (nó rud dá shórt) ó rialtas	<input type="checkbox"/>
Líne chreidmheasa (nó rud dá shórt) ó bhanc/bhainc (thráchtála)	<input type="checkbox"/>
Eile (sonraigh le do thoil)	Téacs saor